2026/528

12.3.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/528 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Márta 2026**

**maidir le bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Rinneadh an tsubstaint bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. a údarú gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. A údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh an breiseán sin a aicmiú sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.

(4) D'iarr an t-iarratasóir an breiseán a údarú lena úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.

(5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 19 Márta 2025 ([3]) go bhfuil bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. sábháilte don spriocspeiceas, do thomhaltóirí agus don chomhshaol suas le huastiúchain áirithe a shonraítear a thuilleadh le haghaidh gach speiceas. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. a mheas mar ghreannaitheoir craicinn agus súl, agus mar íogróir deirmeach agus riospráide. Ós rud é go n-aithnítear go gcuireann bláthola patchouli ó *Pogostemon cablin* Benth. agus a hullmhóidí blas ar bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach raibh gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(7) Measann an Coimisiún nach gá, ar chúiseanna sábháilteachta, uaschion a shocrú le haghaidh bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth. Chun gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sáraítear an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin bheathaithe in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj).
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 23(4), e9357, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9357.

(8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú**

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe bláthola paitsiúlaí ó *Pogostemon cablin* Benth., mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | |
| 2b353-eo | Bláthola paitsiúlaí | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Bláthola ó dhuilleoga *Pogostemon cablin* Benth.<br>Foirm leachtach<br><br>*Saintréithriú na substainte gníomhaí*<br>Bláthola paitsiúlaí:<br>Bláthola, mar atá sainmhínithe ag Comhairle na hEorpa ([1]), a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe *Pogostemon cablin* Benth. trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil.<br>Uimhir CAS: 8014-09-3<br>Uimhireacha EINECS: 282-493-4, 692-003-4, 616-944-7<br>Uimhir FEMA: 2838<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 353<br>Sonraíochtaí:<br>Alcól paitsiúlaí: 27-35 %<br>1-5-11-Guaidheaidhé-éin: 11-16 %<br>$\beta$-Caraifilléin: 2-5 %<br>$\alpha$-Builnéiséin: 13-21 % | Gach speiceas ainmhíoch | — | — | — | 1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus cobhsaíocht i leith cóireáil teasa.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas:<br>'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— 7,5 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú;<br>— 7,5 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú;<br>— 7,5 mg le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin;<br>— 7,5 mg le haghaidh éin ornáideacha;<br>— 7,5 mg le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; | an 1 Aibreán 2036 |

IO L, 12.3.2026



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/528/oj

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| | | *Modh anailíse* (2)<br><br>Maidir le halcól paitsiúlaí (marcóir fíticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh:<br>— crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 3757) | | | | | — 7,5 mg le haghaidh muca lena ramhrú;<br>— 24 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas *Suidae*;<br>— 24 mg le haghaidh muca de mhionspeicis *Suidae* lena ramhrú;<br>— 35 mg le haghaidh gach speicis *Suidae* le haghaidh atáirgthe;<br>— 60 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois;<br>— 53 mg le haghaidh caorach agus gabhar;<br>— 53 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; *Camelidae* lena ramhrú;<br>— 34 mg le haghaidh gach athchogantaigh eile; gach speiceas *Camelidae* eile;<br>— 7,5 mg le haghaidh *Equidae*;<br>— 7,5 mg le haghaidh *Leporidae*;<br>— 7,5 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite;<br>— 7,5 mg le haghaidh madraí;<br>— 7,5 mg le haghaidh cat;<br>— 7,5 mg le haghaidh éisc ornáideacha;<br>— 7,5 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.'. | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| | | | | | | | 4. I gcás ina sárófaí na leibhéil dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar na leibhéil úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br><br>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú. | |

(1) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.